Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Scrúduithe Sheimeastar II, 2004/2005

Cód an Scrúdaithe	1 AN 1
Scrúdú	Ard-Dioplóma/M.A. i Staidéar an Aistriúcháin
Cód an Mhodúil	SN809
Modúl	Téarmeolaíocht
Uimhir an Pháipéir	1
Scrúdaitheóir Seachtrach	Charlie Dillon
Scrúdaitheoirí Inmheánacha	Gearóid Denvir Séamas Ó Direáin Eoin Ó Droighneáin
Treoracha:	Tá trí cheist le freagairt. Tá 25 marc ag dul do gach ceist.
Am ceadaithe:	Trí huaire an chloig.
Líon na bhFreagarleabhar	1

1. Is deacair téarmaíocht a sholáthar do theanga nuair nach bhfuil na huirlisí oiriúnacha ar fáil. Mar sin, is ríthábhachtach é ról na foclóireachta i soláthar nuathéarmaí caighdeánaithe do theanga. Déan cur síos achomair ar an bhfoclóireacht i stair na Gaeilge, i stair na mórtheangacha san Eoraip, agus i stair na mionteangeacha eile atá pléite againn sa chúrsa seo. Cé na fadhbanna agus na deiseanna a bhain leis an téarmaíocht dhúchasach i ngach teanga, le téarmaí ó theangacha clasaiceacha, agus leis an saibhreas a bhaineann i gcónaí leis na canúintí beo?

2. Cuir forbairt na Gaeilge agus forbairt na Bascaise i gcomórtas lena chéile maidir le caighdeánú na teanga, le nuachóiriú na téarmaíochta, agus le cur i bhfeidhm na téarmaíochta i réimsí poiblí. Cé na deacrachtaí a bhí le sárú ag an dá theanga, agus cé na dúshláin atá rompu?

3. Déanann Íosold Ní Dheirg moltaí áirithe ina halt ar cheapadh nuathéarmaí i nGaeilge uaidh seo amach. Cé na hargóintí a dhéanann sí faoi ról na téarmaíochta idirnáisiúnta, faoin "traslitriú", srl.? (Sainmhínigh na téarmaí a úsáideann sí i do chuntas ar ghrá soiléireachta, más gá.) Cén dearcadh a bheadh ag Pádraig Ó Duinnín, ag Tomás de Bhaldraithe, agus ag Niall Ó Donaill ar na moltaí sin an lá atá inniu ann, dar leatsa?

4. Caitear caighdeánú a dhéanamh ar an téarmaíocht chomh maith leis an deilbhíocht agus an chomhréir chun teanga nua-aimseartha a fhorbairt i gceart. (Fágfar an fhoghraíocht as an áireamh anseo.) Conas a dhéantar sin? Cé na fadhbanna a bhaineann leis an saibhreas téarmaíochta a bhailítear ó na canúintí? An bhféadfaí difríochtaí i ngéire an chaighdeánaithe a cheadú i réimsí scríbhneoireachta thar a chéile? (Mar shampla, an bhféadfaí a bheith níos déine i gcás na scríbhneoireachta eolaí ach níos scaoilte i gcás na litríochta cruthaithí? Cuimhnigh ar na haicmí éagsúla léitheoirí).

5. Tá an-dul chun cinn déanta ag an nGaeilge in Éirinn le blianta beaga anuas, agus toradh na dianoibre atá déanta ag scoláirí agus ag lucht cothaithe na Gaeilge thar na céadta bliain á bhaint anois ag tús na mílaoise. Agus muid ag tabhairt aghaidh ar an gcéad seo romhainn, cé na ceachtanna is féidir linn a fhoghlaim ó stair na Gaeilge in Éirinn agus in Albain agus ó stair teangacha eile maidir le nuachóiriú na Gaeilge Caighdeánaithe – go háirithe le nuachóiriú na téarmaíochta – agus leis an nuathéarmaíocht sin a chur i mbéal an phobail ar fud na hÉireann?